Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Nollaig 2024**
**(OR. en)**

**16820/24**

**CT 128**
**ENFOPOL 523**
**COTER 250**
**JAI 1859**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 12 Nollaig 2024 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 16020/24 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le tosaíochtaí amach anseo chun iarrachtaí comhpháirteacha frithsceimhlitheoireachta an Aontais agus a Bhallstáit a neartú<br>– Conclúidí ón gComhairle (an 12 Nollaig 2024) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis na conclúidí ón gComhairle maidir le tosaíochtaí amach anseo chun iarrachtaí comhpháirteacha frithsceimhlitheoireachta an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát a neartú, a d’fhormheas an Chomhairle (Ceartas agus Gnóthaí Baile) ag an 4068ú cruinniú a bhí aici an 12 Nollaig 2024.

<u>**IARSCRÍBHINN**</u>

**Conclúidí ón gComhairle**

**maidir le**

**tosaíochtaí amach anseo chun iarrachtaí comhpháirteacha frithsceimhlitheoireachta an Aontais agus a Bhallstáit a neartú**

<u>**Réamhrá**</u>

a) Is bagairt mhór i gcónaí don Aontas Eorpach agus dá Bhallstáit an sceimhlitheoireacht agus an t-antoisceachas foréigneach, chomh maith leis an radacú agus dá bhrí sin ní mór iarrachtaí frithsceimhlitheoireachta agus coisctheacha a bheith ina n-ardthosaíocht i gcónaí.

b) De dheasca imeachtaí inmheánacha agus seachtracha díchobhsaitheacha, ar nós chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus na coinbhleachta atá ag dul ar aghaidh sa Mheánoirthear, tá leibhéal bagartha na sceimhlitheoireachta níos airde i roinnt Ballstát agus tá an radacú agus an pólarú sóisialta níos measa mar gheall orthu, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis leis an sceimhlitheoireacht agus leis an antoisceachas foréigneach ar fud an Aontais.

c) Tá bagairt na sceimhlitheoireachta níos casta ná riamh agus cúiseanna éagsúla léi. Orthu siúd tá an riosca a bhaineann le gníomhaithe aonair, méadú ar bhaol bagairtí seachtracha an Stáit Ioslamaigh, lena n-áirítear a bhrainse de Stát Ioslamach-Cúige Khorasan, mí-úsáid teicneolaíochtaí nua ag grúpaí agus gníomhaithe sceimhlitheoireachta, fás gluaiseachtaí antoisceacha foréigneacha in aghaidh an chórais nach bhfuil luaite le hidé-eolaíochtaí sonracha agus doiléiriú idé-eolaíochtaí as a n-eascraíonn meascán de chreidimh a bhíonn tugtha don fhoréigean. Is í an sceimhlitheoireacht jiohádach an bhagairt is suntasaí ar an Aontas Eorpach fós, agus ag an am céanna tá an bhagairt ó antoisceachas foréigneach na heite deise ard i gcónaí i roinnt Ballstát.

d) Is cúis mhór imní i gcónaí é an radacú, ina bhfuil ról tábhachtach ag an spás ar líne, go háirithe i measc mionaoiseach, rud a fhágann gur féidir ábhar sceimhlitheoireachta a scaipeadh go tapa agus polarú sóisialta a chothú, rud a d'fhéadfadh a bheith níos measa mar gheall ar ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis, lena n-áirítear gníomhaíochtaí bréagaisnéise arna ndéanamh ag gníomhaithe stáit agus neamhstáit.

e) Ní mór dúinn leanúint de na hiarrachtaí coisctheacha atá dírithe ar thacú le gníomhaithe agus cleachtóirí áitiúla, d’athléimneacht an phobail i leith an radacaithe a fheabhsú, agus den chomhar le hinstitiúidí oideachais, le pobail agus le grúpaí creidimh a mhéadú. Tá sé tábhachtach i gcónaí cur i gcoinne an radacaithe sna príosúin agus aghaidh a thabhairt go háirithe ar na rioscaí a bhaineann le scaoileadh saor príosúnach atá radacaithe agus iad siúd a cuireadh pianbhreith orthu as cionta sceimhlitheoireachta. Ina theannta sin, tá sé ríthábhachtach a áirithiú nach dtacóidh cistí náisiúnta agus cistí Eorpacha, de thaisme, le daoine aonair agus le heagraíochtaí a bhfuil cuspóirí neamhdhleathacha á saothrú acu nó a chuireann luachanna chun cinn nach dtagann leis na luachanna sin a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE den Aontas Eorpach.

f) Is ábhar imní fós é go bhféadfadh trodaithe amhrasta eachtracha sceimhlitheoireachta tríú tír agus daoine aonair a bhfuil baint acu le grúpaí sceimhlitheoireachta sreabhadh imirce a dhúshaothrú chun insíothlú isteach san Aontas Eorpach. Rinneadh iarrachtaí móra chun bearta braite a threisiú, agus chun malartú faisnéise agus rialuithe ag teorainneacha seachtracha a fheabhsú. Ní mór do na Ballstáit áfach leanúint dá n-iarrachtaí teacht isteach agus gluaiseacht daoine mar sin ar chríoch an Aontais a bhrath agus a chosc.

g) Ag an am céanna, is dúshlán suntasach i gcónaí é náisiúnaigh tríú tír, ar bagairt slándála iad agus atá ag fanacht go neamhdhleathach san Aontas, a fhilleadh agus is riosca slándála leanúnach é go bhfuil siad fós san Aontas. Dá bhrí sin, is den ríthábhacht é a áirithiú go bhfilltear go héifeachtúil agus go pras daoine nach bhfuil ceart fanachta acu nó nach bhfuil ceart fanachta acu a thuilleadh agus ar bagairt slándála iad. Ina theannta sin, ní mór dúinn leanúint de réitigh a fhiosrú chun aghaidh a thabhairt ar an mbagairt slándála a bhaineann le daoine aonair nach féidir a chur ar ais chuig a dtír thionscnaimh mar gheall ar phrionsabal an *non-refoulement*, i gcomhréir iomlán le dlí an Aontais is infheidhme agus leis an dlí idirnáisiúnta is infheidhme.

h) Tá dul chun cinn maith déanta le 5 bliana anuas sa chomhrac i gcoinne na sceimhlitheoireachta agus an antoisceachais fhoréignigh, agus maidir leis an radacú a chosc, tá Clár Oibre an Aontais Eorpaigh don Frithsceimhlitheoireachta ón gCoimisiún curtha chun feidhme go héifeachtach. Tá dul chun cinn déanta chomh maith i ndáil le beartais agus tionscnaimh ábhartha eile maidir leis an tslándáil inmheánach lena n-éascaítear obair na n-údarás frithsceimhlitheoireachta, mar atá malartú faisnéise níos fearr.

i) Tá na Conclúidí ón gComhairle a glacadh le blianta beaga anuas[1] an-ábhartha i gcónaí agus ba cheart iad a chur chun feidhme ina n-iomláine. In éineacht le measúnuithe 6 mhí an Aontais Eorpaigh ar an mbagairt i réimse na frithsceimhlitheoireachta, leanann siad de chreat cuimsitheach gníomhaíochta a chur ar fáil.

**Breithnithe ginearálta:**

1. Tá na Ballstáit tiomanta i gcónaí gach cineál agus gach saghas sceimhlitheoireachta agus antoisceachais fhoréignigh a chomhrac chun slándáil agus sábháilteacht a gcuid saoránach a áirithiú, agus luachanna an daonlathais, na gceart bunúsach agus an smachta reachta á gcaomhnú ag an am céanna. Tá na Ballstáit, an Coimisiún agus gníomhaireachtaí an Aontais go léir ag obair go dícheallach chun athléimneacht an Aontais i gcoinne na sceimhlitheoireachta agus an antoisceachais fhoréignigh a threisiú agus ba cheart dóibh leanúint de bheith ag obair ar ghníomhaíochtaí comhchoiteanna agus an comhar eatarthu a fheabhsú.

2. I gcomhthráth leis an tacar seo conclúidí, glacfaidh an Chomhairle conclúidí maidir le naisc sheachtracha-inmheánacha a threisiú i gcomhrac na sceimhlitheoireachta agus an antoisceachais fhoréignigh. Sa chomhthéacs sin, meabhraítear gur athdhearbhaigh an Chomhairle Eorpach ról Chomhordaitheoir Frithsceimhlitheoireachta an Aontais Eorpaigh i mí na Nollag 2020. Tá ról lárnach ag Comhordaitheoir Frithsceimhlitheoireachta an Aontais maidir le hobair frithsceimhlitheoireachta a chomhordú san Aontas, maidir le caidreamh frithsceimhlitheoireachta an Aontais le tríú tíortha a threisiú agus maidir leis na naisc idir gnéithe inmheánacha agus seachtracha d'iarrachtaí frithsceimhlitheoireachta a fheabhsú. Tá sé de chúram freisin ar an gComhordaitheoir obair leantach a dhéanamh ar chur chun feidhme na gConclúidí ón gComhairle maidir le comhrac na sceimhlitheoireachta.

3. Chun freagairt éifeachtach a thabhairt ar thimpeallacht na bagartha atá ag teacht chun cinn, agus i bhfianaise an timthrialla institiúidigh nua agus an athbhreithnithe ar chreat straitéiseach an Aontais maidir leis an tslándáil inmheánach, caithfear straitéis frithsceimhlitheoireachta an Aontais Eorpaigh a oiriúnú agus a neartú a thuilleadh i gcomhar leis na Ballstáit. Dá bhrí sin, is díol sásaimh don Chomhairle go leagtar béim sna treoirlínte polaitiúla do shainordú nua an Choimisiúin ar an ngá atá le Clár Oibre nua an Aontais chun an Sceimhlitheoireacht agus an tAntoisceachas Foréigneach a Chosc agus a Chomhrac chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí nua atá ann agus ar bhagairtí atá ag teacht chun cinn.

[1] 9997/22; 16335/23; 16336/23.

4. Sna Conclúidí seo, leagann an Chomhairle béim ar na príomhréimsí ina bhfuil gá le hiarrachtaí méadaithe chun éifeachtúlacht oibríochtúil a fheabhsú agus leagann sí síos spriocanna straitéiseacha. Beartais agus bearta frithsceimhlitheoireachta an Aontais a mhúnlú, lena n-áirítear i réimse an choisc, go ceann 5 bliana an aidhm atá leis seo.

## I. <u>Ceanglais chothrománacha beartais lena gcuirtear le hardleibhéal slándála inmheánaí agus le héifeachtacht na mbeart frithsceimhlitheoireachta</u>

5. Agus urraim á tabhairt don fhíoras go bhfuil an tslándáil náisiúnta ina freagracht ar gach Ballstát faoi leith agus air siúd amháin, tá gá le cur chuige cuimsitheach comhordaithe Eorpach lena dtrasnófar réimsí beartais aonair agus lena gcomhtháthófar prionsabail uileghabhálacha chun an sceimhlitheoireacht agus an t-antoisceachas foréigneach a chomhrac go héifeachtach. Ba cheart féachaint ar shineirgí breise idir an Mheitheal um Sceimhlitheoireacht agus comhlachtaí ullmhúcháin eile de chuid na Comhairle, go háirithe an Mheitheal um Sceimhlitheoireacht (Gnéithe Idirnáisiúnta, COTER) agus an Mheitheal um bearta sriantacha chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac (COMET), chun aghaidh a thabhairt ar bhagairt na sceimhlitheoireachta ar bhealach iomlánaíoch, agus sainordú agus fócas sonrach na Meithle um Sceimhlitheoireacht á n-urramú ag an am céanna.

6. Tá cur chuige cothrom de dhíth orainn lena gcosnófar na cearta bunúsacha uile, lena n-áirítear an ceart atá ag saoránaigh na hEorpa chun slándála agus chun príobháideachais araon. Chuige sin, ní mór dúinn cur le guth an chomhphobail frithsceimhlitheoireachta agus slándála inmheánaí a bhfuil sé de chúram air ár sochaí a chosaint trí insint dhearfach a chur chun cinn lena gcuirtear béim ar a riachtanais dhlisteanacha oibríochtúla.

7. Tá rochtain dhleathach ar shonraí agus coinneáil sonraí, lena n-áirítear réitigh atá fónta ó thaobh an dlí agus na teicneolaíochta de chun rochtain a fháil ar chumarsáid leictreonach i bhformáid inléite, ríthábhachtach chun gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta a bhrath, a chosc, a imscrúdú agus a ionchúiseamh go rathúil. Dá bhrí sin, ní mór d'údaráis forfheidhmithe an dlí agus na frithsceimhlitheoireachta a bheith in ann rochtain éifeachtach a fháil ar shonraí digiteacha agus lánurraim á tabhairt do chearta bunúsacha agus do na dlíthe ábhartha maidir le cosaint sonraí, agus prionsabail an riachtanais, na comhréireachta agus na coimhdeachta á gcomhlíonadh ag an am céanna agus gan an criptiúchán a lagú go ginearálta, rud a aithnítear mar mhodh tábhachtach chun cibearshlándáil na rialtas, na tionsclaíochta agus na sochaí a chosaint.

8. Tá sé ríthábhachtach go gcomhlíonfaidh na soláthraithe seirbhísí cumarsáide go hiomlán na hiarrataí dlíthiúla a bhaineann le rochtain dhleathach ar shonraí ó údaráis forfheidhmithe an dlí agus na frithsceimhlitheoireachta i gcomhréir leis na hoibleagáidí dlíthiúla is infheidhme. Ina theannta sin, is den ríthábhachtach go rachadh na soláthraithe teicneolaíochta agus na soláthraithe seirbhíse cumarsáide i dteagmháil leis na húdaráis nuair a dhéanann siad teicneolaíochtaí agus seirbhísí nua a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

9. Ba cheart tacú leis na húdaráis frithsceimhlitheoireachta agus bhreithiúnacha ina n-iarrachtaí an sceimhlitheoireacht agus an t-antoisceachas foréigneach a chomhrac, lena n-áirítear trí oiliúint, trí fhothú acmhainneachta agus trí acmhainní iomchuí a sholáthar. Is féidir le leithdháileadh solúbtha agus úsáid éifeachtach chistiú an Aontais feabhas suntasach a chur ar na hiarrachtaí sin gan dochar a dhéanamh don chreat airgeadais ilbhliantúil a bheidh ann amach anseo leis na conclúidí reatha seo.

10. Tá an infheistíocht sa taighde agus sa nuálaíocht i réimse na slándála a thacaíonn le hiarrachtaí frithsceimhlitheoireachta, lena n-áirítear réitigh nuálacha a chothú i mbainistiú teorainneacha, uirlisí intleachta saorga, anailísí mórshonraí, teicneolaíochtaí díchriptithe, anailísí ar shonraí bithmhéadracha agus uirlisí na fóiréinsice digití, ríthábhachtach d’údaráis forfheidhmithe an dlí agus na frithsceimhlitheoireachta chun coinneáil le teicneolaíochtaí atá ag síorathrú go tapa.

11. Ba cheart measúnú agus seisiúin faisnéise ó Lárionad Faisnéise agus Staide an Aontais Eorpaigh (INTCEN), bunaithe ar fhaisnéis straitéiseach ó na Ballstáit chomh maith leis an anailís ó Europol, a chur san áireamh agus beartais agus bearta frithsceimhlitheoireachta á gceapadh chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar thimpeallacht athraitheach na bagartha. Chun feasacht staide fhaisnéisbhunaithe a chothú, is den tábhacht i gcónaí Acmhainneacht Aonair Anailíse Faisnéise an Aontais a neartú trína hacmhainní agus a acmhainneachtaí a fheabhsú i gcomhréir le cuspóirí an Chompáis Straitéisigh.

12. Is bagairt chriticiúil sistéamach don tslándáil é maoiniú na sceimhlitheoireachta trí chur ar chumas na ngrúpaí seo dul i mbun oiliúna, pleanála, agus ionsaithe. Ní hamháin go n-úsáidtear cistí a bhailítear san Eoraip go díreach san Eoraip ach seoltar chuig eagraíochtaí sceimhlitheoireachta thar lear iad freisin chun cabhrú leo cur lena gcumas ionsaithe a dhéanamh ar thalamh na hEorpa. Tá méadú ag teacht ar an úsáid a bhaintear as na teicneolaíochtaí digiteacha – mar shampla, sócmhainní fíorúla agus ardáin ar líne – chun na críche sin, ach tá modhanna traidisiúnta maoinithe, mar shampla íocaíochtaí in airgead tirim agus hawala, fós in úsáid go forleathan agus is deacair iad a rianú. Ina theannta sin, baineann eagraíochtaí sceimhlitheoireachta leas níos mó agus níos mó as coinbhleachtaí seachtracha chun cistí a thiomsú san Aontas freisin, rud a cheileann a bhfuil ar bun acu faoi scáth gníomhaíochtaí carthanachta. Dá bhrí sin, ní mór neartú agus tacaíocht a thabhairt d'acmhainneacht na mBallstát maoiniú sceimhlitheoireachta a shainaithint, a rianú, a imscrúdú agus a ionchúiseamh go rathúil chomh maith le cistí agus sócmhainní mar sin a reo agus a urghabháil. Is den tábhacht freisin feabhas a chur ar chomhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí leis na páirtithe ábhartha leasmhara chun rochtain níos fearr ar fhaisnéis airgeadais a chothú.

13. Ag an am céanna, tá iarrachtaí comhpháirteacha de dhíth chun acmhainní airgeadais grúpaí agus gníomhaithe a theorannú, lena n-áirítear gach cineál grúpa antoisceach foréigneach, lena gcuirtear an radacú, an fuath nó luachanna den chineál sin chun cinn atá contrártha dóibh siúd a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE. Cuimsítear faoi sin gníomhaíochtaí i gcoinne cistiú eachtrach neamh-inmhianaithe. Tá tábhacht freisin leis an obair leanúnach atá á déanamh ag Fóram Idirlín an Aontais Eorpaigh agus ag tionscnaimh dhomhanda frithsceimhlitheoireachta phoiblí phríobháideacha chun maoiniú ar líne na ngrúpaí agus na ngníomhaithe sin a chomhrac.

14. Ní mór leanúint de na hiarrachtaí chun sceimhlitheoirí agus antoiscigh fhoréigneacha a chosc ó rochtain a fháil ar airm thine, pléascáin agus ábhair CBRN (ceimiceach, bitheolaíoch, raideolaíoch agus núicléach), agus de na hiarrachtaí úsáid mhailíseach ladrann a chomhrac. Áirítear leis sin na bearnaí a d'fhéadfadh a bheith fós sa chreat rialála agus i gcur chun feidhme an chreata sin a dhúnadh; feabhas a chur ar acmhainneacht bhraite na mBallstát; agus aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, mar shampla, an phriontáil 3T. Tá comhar leanúnach leis an Úcráin agus leis na Balcáin Thiar ríthábhachtach chun srian a chur leis an ngáinneáil ar airm thine isteach san Aontas.

**Sa chomhthéacs sin, iarrann an CHOMHAIRLE ar na BALLSTÁIT an méid seo a leanas a dhéanamh:**

15. feabhas a chur ar a n-acmhainneachtaí ullmhachta agus freagartha i ndáil le hionsaithe féideartha sceimhlitheoireachta agus antoisceacha foréigneacha. Féadfar é sin a dhéanamh trí chleachtaí rialta, trí dhlúthchomhar, agus trí dhea-chleachtais a chomhroinnt, agus trí rannpháirtíocht na n-údarás frithsceimhlitheoireachta a mhéadú san Ardán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla (EMPACT), de réir mar is iomchuí;

16. leanúint d’acmhainní iomchuí a leithdháileadh don taighde agus don nuálaíocht i réimse na frithsceimhlitheoireachta agus fhorfheidhmiú an dlí agus saineolas a chur ar fáil do Mhol Nuálaíochta an Aontais maidir leis an tslándáil inmheánach.

**agus iarrann sí ar an gCOIMISIÚN an méid seo a leanas a dhéanamh:**

17. an tacaíocht is gá a áirithiú do ghníomhaireachtaí agus líonraí slándála inmheánaí, go háirithe Lárionad Frithsceimhlitheoireachta na hEorpa, Tionscadal Anailíse Europol maidir le hairm agus pléascáin, Mol Nuálaíochta an Aontais agus líonra ATLAS. Cur ar chumas na ngníomhaireachtaí agus na líonraí slándála a gcúnamh agus a dtacaíocht oibríochtúil a mhéadú agus a shaincheapadh chun freastal ar riachtanais shonracha na mBallstát atá i gceist leis seo;

18. an cistiú iomchuí taighde a leithdháileadh ar thionscadail inmheánacha a bhaineann leis an tslándáil, agus béim ar leith á leagan ar aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha na n-údarás frithsceimhlitheoireachta agus tacú le glacadh agus cur in úsáid réiteach nuálach;

19. feabhas a chur ar an idirphlé leis na hardáin ar líne agus cur chuige éifeachtach a fhorbairt chun moltaí an Ghrúpa Ardleibhéil maidir le rochtain ar shonraí le haghaidh fhorfheidhmiú éifeachtach an dlí a chur chun feidhme, ar moltaí iad lena dtugtar aghaidh ar riachtanais na n-údarás forfheidhmithe dlí maidir le rochtain a fháil ar chumarsáid leictreonach chun go mbeidh siad in ann a gcúraimí a chur i gcrích go héifeachtach agus go dleathach agus, lánurraim á tabhairt do chearta bunúsacha, chun cionta coiriúla a chosc, a bhrath agus a imscrúdú;

20. straitéis chuimsitheach a fhorbairt chun an sceimhlitheoireacht agus an t-antoisceachas foréigneach a chosc agus a chomhrac trí na príomhréimsí idirghabhála agus na bearta a liostaítear sna conclúidí seo a chur san áireamh, agus trí na tionscnaimh a cuireadh chun cinn sna conclúidí ón gComhairle le déanaí a thabhairt ar aghaidh. Ní mór an obair sin a dhéanamh i gcomhar leis na Ballstáit agus tríd an straitéis nua slándála inmheánaí agus trí Chlár Oibre an Aontais chun an Sceimhlitheoireacht agus an tAntoisceachas Foréigneach a Chosc agus a Chomhrac.

**agus iarrann sí ar an gCOIMISIÚN agus ar na BALLSTÁIT an méid seo a leanas a dhéanamh**:

21. machnamh a dhéanamh ar an mbealach chun cinn i ndáil le creataí le haghaidh bearta riaracháin maidir le gluaiseachtaí caipitil agus íocaíochtaí, mar shampla, cistí, sócmhainní airgeadais nó gnóthachain eacnamaíocha a reo chun maoiniú na sceimhlitheoireachta agus an antoisceachais fhoréignigh den uile chineál a theorannú, i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach i míreanna 12 agus 13.

## II. Príomhréimsí idirghabhála chun na hiarrachtaí frithsceimhlitheoireachta a neartú

### i) Malartú faisnéise

22. Tá sé ríthábhachtach iontráil faisnéise i mbunachair sonraí Eorpacha a fheabhsú, agus úsáid á baint a mhéid is féidir go háirithe as Córas Faisnéise Schengen (CFS), ach freisin as Córas Faisnéise Europol agus as Tionscadail Anailíse Europol, agus as bunachair sonraí Interpol, i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta is infheidhme. Tá na huirlisí sin ríthábhachtach chun tacú leis na Ballstáit daoine aonair ar bagairt sceimhlitheoireachta iad a bhrath agus faireachán a dhéanamh orthu agus ba cheart barrfheabhas a chur orthu ar bhonn leanúnach.

23. Ní mór an acmhainneacht is gá a bheith ag na húdaráis frithsceimhlitheoireachta chun úsáid iomlán a bhaint as uirlisí malartaithe faisnéise, as bunachair sonraí agus as a n-idir-inoibritheacht. Dá réir sin, tá sé ríthábhachtach tacú leis na húdaráis sin na cumais, an t-eolas agus na dea-chleachtais is gá a fhorbairt chun a áirithiú go mbainfear úsáid éifeachtúil éifeachtach as na hacmhainní sin ina gcuid oibre oibríochtúla.

24. Is céim chun cinn í an obair atá déanta chun comhthuiscint a chur chun cinn i measc údaráis forfheidhmithe dlí Bhallstáit an Aontais, bunaithe ar chritéir neamhcheangailteacha, maidir leis na daoine sin a mheasann na Ballstáit aonair go ngabhann bagairt sceimhlitheoireachta nó antoisceach fhoréigneach leo, d'fhonn an fhaisnéis sin a áireamh sna bunachair sonraí Eorpacha, gan difear a dhéanamh do na reachtaíochtaí náisiúnta éagsúla i ndáil leis sin.

25. Tá sé tábhachtach leas iomlán a bhaint as sainordú Europol trí chomhaontuithe idirnáisiúnta nua a thabhairt chun críche agus a thabhairt i gcrích lena n-éascaítear malartú sonraí pearsanta idir Europol agus tríú páirtithe tosaíochta. In éagmais comhaontuithe mar sin, i gcásanna garchontúirte agus ar bhonn cás ar chás, agus lánurraim á tabhairt do dhlí an Aontais is infheidhme, beidh sé ríthábhachtach i gcónaí malartú tapa sonraí pearsanta a chumasú.

26. D'fhonn scrúdú a dhéanamh ar na roghanna maidir le húsáid a bhaint as sonraí taistealaithe a úsáideann iompar muirí agus talún chun críocha fhorfheidhmiú an dlí, tá an Chomhairle ag tnúth le cur i láthair an Choimisiúin maidir lena staidéar indéantachta i ndáil le hoibleagáidí tuairiscithe a chomhchuibhiú.

**Sa chomhthéacs sin, iarrann an CHOMHAIRLE ar na BALLSTÁIT an méid seo a leanas a dhéanamh:**

27. na sonraí uile atá ar fáil maidir le daoine aonair ar bagairt sceimhlitheoireachta iad a iontráil sna bunachair sonraí Eorpacha agus sna córais faisnéise ábhartha agus leas iomlán a bhaint as an bhféidearthacht foláirimh a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht a iontráil i gCóras Faisnéise Schengen (CFS), i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta agus mura rud é nach féidir de bharr cúinsí dlíthiúla nó oibríochtúla.

**iarrann sí ar an gCOIMISIÚN an méid seo a leanas a dhéanamh:**

28. an bealach chun cinn a chur i láthair, tar éis na meastóireachta ar Chóras Faisnéise Schengen atá ar na bacáin agus aird chuí á tabhairt ar indéantacht agus comhréireacht, maidir le nós imeachta iar-amais a thabhairt isteach do throdaithe eachtracha sceimhlitheoireachta atá cláraithe i gCóras Faisnéise Schengen, bunaithe ar ghlacadh deonach fógraí amais, chun feabhas a chur ar an malartú faisnéise.

**agus iarrann sí ar an gCOIMISIÚN agus ar na BALLSTÁIT an méid seo a leanas a dhéanamh:**

29. agus torthaí an staidéir indéantachta atá ar na bacáin, agus dlí-eolaíocht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh á gcur san áireamh, tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar an gcaoi is fearr a bhféadfaí bailiú sonraí ó thaistealaithe ar muir agus ar tír a úsáid agus a chomhtháthú i gcleachtais malartaithe faisnéise.

**<u>agus iarrann sí ar an gCOIMISIÚN an méid seo a leanas a dhéanamh:</u>**

30. i bhfianaise bhreithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 21 Meitheamh 2022 i gcás (C 817/19), meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme Threoir 2016/681 ('Treoir maidir le Taifead Ainmneacha Paisinéirí').

ii) <u>Insíothlú daoine ar bagairt sceimhlitheoireachta iad a bhrath agus a chosc</u>

31. Is gá rialú agus slándáil láidir teorann a áirithiú, lena n-áirítear seiceálacha córasacha ar gach taistealaí sna bunachair sonraí ábhartha ag teorainneacha seachtracha an Aontais Eorpaigh, agus leas á bhaint as sonraí bithmhéadracha agus as teicneolaíochtaí eile atá ar fáil chun cosc a chur ar theacht isteach neamhbhraite daoine ar bagairt sceimhlitheoireachta iad ar chríoch an Aontais. Cuirfidh na hiarrachtaí sin feabhas ar shlándáil fhoriomlán an Aontais.

32. Chuige sin, ní mór acmhainneacht fhoriomlán údaráis na frithsceimhlitheoireachta, an bhainistithe teorainneacha, na hinimirce agus tearmainn a neartú, mar aon le hiarrachtaí comhordaithe chun insíothlú daoine aonair ó thríú tíortha a bhfuil naisc acu le heagraíochtaí sceimhlitheoireachta a bhrath agus a chosc ag na céimeanna is luaithe den teacht isteach san Aontas.

33. Is uirlis ríthábhachtach iad toirmisc ar theacht isteach a úsáid i gcoinne náisiúnaigh tríú tíortha ar bagairt sceimhlitheoireachta iad agus sonraí maidir leis na daoine aonair sin a iontráil i gCóras Faisnéise Schengen chun cosc a chur ar throdaithe eachtracha sceimhlitheoireachta teacht isteach san Eoraip. Mar sin féin, tá éagsúlachtaí sna creataí dlíthiúla agus institiúideacha náisiúnta idir na Ballstáit maidir le toirmisc ar theacht isteach a eisiúint. Dá réir sin, d'fhéadfadh an méid sin a bheith ina dhúshlán ó thaobh toirmisc ar theacht isteach a eisiúint agus a thaifeadadh i gCóras Faisnéise Schengen maidir le daoine aonair i gcás nach bhfuil aon nasc díreach ná gaol díreach idir na daoine aonair sin agus an Ballstát eisiúna. Ba cheart aghaidh a thabhairt air sin go háirithe trí obair leantach a dhéanamh ar Chonclúidí 9997/22 ón gComhairle a glacadh an 9 Meitheamh 2022.

34. I gcás nach féidir foláirimh maidir le cead isteach agus fanachta a dhiúltú a iontráil i gCóras Faisnéise Schengen, ba cheart an fhéidearthacht foláirimh a iontráil maidir le fiosrúcháin dhiscréideacha nó seiceálacha sonracha, faoi Airteagal 36 den Rialachán CFS (2018/1862) a mheas de réir shainiúlachtaí gach cáis. Beidh an foláireamh faisnéise atá le hiontráil chun leas an Aontais, a luaithe a chuirfear chun feidhme é, ina ionstraim bhreise chun cásanna a chumhdach ina bhfuil náisiúnach tríú tír ina bhagairt don Aontas, ach nár ghá go mbeadh sé ina bhagairt do Bhallstát ar leith.

35. Tá sé tábhachtach freisin dlús a chur leis na hiarrachtaí ar phatrúin taistil agus naisc daoine aonair a bhíonn páirteach i sceimhlitheoireacht nó i ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht a shainaithint.

36. Agus aird chuí á tabhairt ar chearta bunúsacha an duine aonair, leis an dul chun cinn a dhéanfar maidir le comhar a chothú idir údaráis inimirce agus tearmainn agus údaráis frithsceimhlitheoireachta, go háirithe trí líonra pointí teagmhála a bhunú agus trí rannpháirtíocht dheonach ann, éascófar an comhar agus malartú faisnéise. Tá cur chun feidhme an Chórais Dul Isteach/Imeachta, an Chórais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil agus idir-inoibritheacht na mbunachar sonraí Eorpach tábhachtach sa chomhthéacs sin.

37. Tá sé ríthábhachtach feabhas a chur ar an gcomhar le tíortha idirthurais agus le tíortha tionscnaimh chun malartú faisnéise a éascú faoi dhaoine a ghabhann riosca sceimhlitheoireachta leo, chomh maith le filleadh éifeachtúil na ndaoine sin. I ndáil leis an méid sin, tá comhar maidir le gné sheachtrach na himirce agus úsáid na n-ionstraimí uile atá ar fáil chun an caidreamh le tríú tíortha a threisiú agus a neartú go háirithe trí chomhpháirtíochtaí comhthairbheacha ríthábhachtach.

38. Tá sé tábhachtach leas a bhaint as torthaí thosaíocht an Ardáin Eorpaigh Ildisciplínigh i gCoinne Bagairtí Coiriúla maidir le gréasáin choiriúla ard-riosca, cleachtas mapála ghréasáin coiriúla ard-riosca Europol ar na gréasáin choiriúla is bagraí agus as an bhfaisnéis straitéiseach a chuireann Lárionad Faisnéise agus Staide an Aontais Eorpaigh (INTCEN) ar fáil chun feabhas a chur ar an tuiscint ar an nasc a d’fhéadfadh a bheith ann idir grúpaí coireachta eagraithe agus eagraíochtaí sceimhlitheoireachta agus chun cur isteach ar naisc choiriúla fhéideartha.

**Sa chomhthéacs sin, iarrann an CHOMHAIRLE ar na BALLSTÁIT an méid seo a leanas a dhéanamh:**

39. leanúint d'fholáirimh atá bunaithe ar chinntí um fhilleadh a chur isteach i gCóras Faisnéise Schengen; úsáid iomchuí fholáireamh Chóras Faisnéise Schengen i ndáil leis an gcinneadh um fhilleadh maidir le náisiúnach tríú tír a áirithiú – ag tabhairt le fios an bagairt é an duine don bheartas poiblí, don tslándáil phoiblí nó don tslándáil náisiúnta. Iarrtar ar na Ballstáit freisin úsáid na 'bratacha slándála' sin (de réir bhrí Airteagal 4(1)(o) de Rialachán CFS 2018/1860) a ailíniú a thuilleadh le linn an nós imeachta um fhilleadh trí dhea-chleachtais a chomhroinnt.

40. leanúint de thoirmisc náisiúnta ar theacht isteach a eisiúint do náisiúnaigh tríú tír ar bagairt sceimhlitheoireachta iad, i gcomhréir lena ndlí náisiúnta, agus na bearta sin a leathnú chuig limistéar Schengen faoi Airteagal 24 de Rialachán CFS 2018/1861. Meabhraítear go meastar i gcónaí go bhfuil sé comhréireach foláirimh a iontráil i gCóras Faisnéise Schengen i gcásanna a bhaineann le cionta sceimhlitheoireachta, go háirithe má tá forais thromchúiseacha ann lena chreidiúint go ndearna náisiúnach tríú tír cion sceimhlitheoireachta, nó má tá tásca soiléire ann go bhfuil sé beartaithe cion mar sin a dhéanamh ar chríoch Bhallstáit.

**agus iarrann sí ar na BALLSTÁIT agus ar an gCOIMISIÚN an méid a leanas a dhéanamh:**

41. leanúint de mhachnamh a dhéanamh ar bhealach chun cinn chun go mbeidh sé níos éasca toirmisc ar theacht isteach a eisiúint i gcoinne náisiúnaigh tríú tír ar bagairt sceimhlitheoireachta iad, lena n-áirítear i gcásanna nach bhfuil aon nasc díreach nó gaol díreach idir na daoine aonair sin agus an Ballstát eisiúna.

42. oibriú chun filleadh éifeachtach daoine ar bagairt slándála iad a oibríochtú trí scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht an creat dlíthiúil a bharrfheabhsú chun próiseas brostaithe um fhilleadh a cheadú do náisiúnaigh tríú tíortha atá ag fanacht go neamhdhleathach ar chríocha na mBallstát, go háirithe nuair a shainaithnítear iad mar bhagairtí slándála, chomh maith le hoibriú go comhpháirteach chun an caidreamh le tríú tíortha agus tíortha tionscnaimh tosaíochta a neartú chun díbirt na ndaoine sin a éascú;

iii) An sceimhlitheoireacht agus an t-antoisceachas foréigneach a chomhrac ar líne

43. Tá an réimse digiteach ag cur leis an radacú de réir a chéile agus eagraíochtaí sceimhlitheoireachta agus antoisceacha foréigneacha ag teacht i dtír ar ardáin ar líne chun a n-idé-eolaíochtaí a scaipeadh, lucht leanúna a earcú, cistí a bhailiú nó a aistriú agus foréigean a spreagadh, lena n-áirítear trí ionramháil faisnéise a úsáid, agus a dteachtaireachtaí dírithe ar lucht féachana atá níos óige ná riamh.

44. Chun an sceimhlitheoireacht agus an t-antoisceachas foréigneach ar líne a chomhrac, chomh maith leis an radacú, tá gá le cur chuige comhordaithe ilghnéitheach le dlúthchomhar idir rialtais, soláthraithe seirbhísí ar líne, an tsochaí shibhialta, agus údaráis forfheidhmithe an dlí agus na frithsceimhlitheoireachta. Tá rannpháirtíocht ghníomhach na mBallstát ríthábhachtach chun an obair sin a neartú.

45. Ba cheart dlús a chur leis an gcomhar le soláthraithe seirbhíse ar líne chun aghaidh a thabhairt ar iomadú ábhair sceimhlitheoireachta agus antoisceachais fhoréignigh agus chun iad a spreagadh chun maolú a dhéanamh ar leathadh agus ar mhéadú algartamach ábhair atá díobhálach ach dlíthiúil lena spreagtar deighilt shóisialta nó mífhaisnéis a bhféadfadh sceimhlitheoireacht agus antoisceachas foréigneach a bheith mar thoradh uirthi. Tá an obair a dhéantar i bhFóram Idirlín an Aontais luachmhar agus ní mór leanúint den obair sin chun dul i gcion ar ardáin ar líne chun scaipeadh an ábhair sin a chosc agus a chomhrac.

46. Le glacadh an Rialacháin maidir le haghaidh a thabhairt ar scaipeadh ábhair sceimhlitheoireachta ar líne agus leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha, tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le soláthraithe seirbhíse digití a thabhairt chun cuntais as ábhar neamhdhleathach ar a n-ardáin. Ba cheart na Rialacháin sin a chur chun feidhme go hiomlán gan mhoill agus iad a fhorfheidhmiú go docht. Tá géarghá freisin le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le soláthraithe seirbhíse digití neamh-chomhoibríocha.

47. Is céim thábhachtach é ardán tiomnaithe ar líne Europol (PERCI) a thacaíonn le horduithe baint anuas agus atreorúcháin a eisiúint agus a tharchur chun iad a chur chun feidhme go héifeachtúil. Rannchuidigh Europol go mór freisin, go háirithe trí obair a Aonaid Atreorúcháin ar Líne agus trí laethanta gníomhaíochta atreorúcháin a eagrú atá dírithe ar dhul i ngleic le hábhar sceimhlitheoireachta ar líne. Ba cheart do Europol leanúint de na hiarrachtaí sin.

48. Tá sé tábhachtach go mbeadh na Ballstáit rannpháirteach go gníomhach i múnlú ghníomhaíochtaí Mhol Eolais an Aontais maidir leis an radacú a chosc a seoladh le déanaí. Cuideoidh sé sin lena áirithiú go mbeidh a chlár oibre ag teacht le riachtanais na mBallstát, lucht ceaptha beartas agus cleachtóirí, agus go mbeidh rochtain fhorleathan ar a aschur agus go mbeidh tionchar aige i measc lucht ceaptha beartas agus cleachtóirí araon.

**Sa chomhthéacs sin, iarrann an CHOMHAIRLE ar na BALLSTÁIT an méid seo a leanas a dhéanamh:**

49. leanúint de na hiarrachtaí ar fheabhas a chur ar an gcomhthuiscint ar ghníomhaíochtaí bolscaireachta sceimhlitheoireachta agus ar a dtionchar ar an radacú agus ar an deighilt shóisialta as a n-eascraíonn an sceimhlitheoireacht agus an t-antoisceachas foréigneach, agus béim ar leith á leagan ar thionchar na ngníomhaíochtaí bolscaireachta sin ar mhionaoisigh agus ar ról na meabhairshláinte i bpróiseas an radacaithe. I gcomhthéacs na hoibre sin, tá tábhacht le tacaíocht ón gCoimisiún agus ó ghníomhaireachtaí ábhartha chomh maith leis an gcomhar le soláthraithe seirbhíse ar líne, leis an tsochaí shibhialta agus le páirtithe leasmhara eile, de réir mar is iomchuí.

**agus iarrann sí ar an gCOIMISIÚN an méid seo a leanas a dhéanamh:**

50. leanúint de chomhroinnt na ndea-chleachtas a chur chun cinn a bhaineann le cur i bhfeidhm an Rialacháin maidir le hábhar sceimhlitheoireachta ar líne chomh maith le scrúdú a dhéanamh ar bhearnaí a d’fhéadfadh a bheith sa chreat rialála agus aghaidh a thabhairt orthu agus féachaint ar an mbealach is fearr chun cur chun feidhme an Rialacháin maidir le hábhar sceimhlitheoireachta ar líne agus an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha nuair a bheidh meastóireacht á déanamh ar an Rialachán maidir le hábhar sceimhlitheoireachta ar líne, agus riachtanais oibríochtúla údaráis forfheidmithe an dlí agus na frithsceimhlitheoireachta á gcur san áireamh ag an am céanna.

51. bearta a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le hardáin neamhchomhlíontacha ar líne tríd an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha a fhorfheidhmiú go docht i gcás ardáin an-mhór ar líne agus trí leanúint de bheith ag comhoibriú le hardáin agus tábhacht pholaitiúil leordhóthanach a chur leis an gcomhar sin, lena n-áirítear i gcomhthéacs Fhóram Idirlín an Aontais.